**DÉ DOMHNAIGH 9 DEIREADH FÓMHAIR**
Sunday 9 October | 2.00pm | Free admission



**POETRY WITH**

## COLM BREATHNACH



## AILBHE NÍ GHEARBHUIGH



## SIMON Ó FAOLÁIN

**SONGS WITH**



## CAITRÍONA O'LEARY

**(FROM DÚLRA)**

Pléann **Colm Breathnach** an t-achar sin a dtagann a thaithí phearsanta agus ceisteanna sóisialta le chéile agus tugann Tadhg Ó Dúshláine 'Bruce Springsteen na Gaeilge' air. Molann Tadhg chomh maith grástúlacht a chuid liricí rómánsacha i mbailiúcháin ar nós *Cantaic an Bhalbháin*. Bhuaigh **Ailbhe Ní Ghearbhuigh** Duais Lawrence O'Shaughnessy sa bhliain 2020. Fuair cnuasach dátheangach léi *The Coast Road* ardmholadh ó Nuala Ní Dhomhnaill: 'féasta don tsúil agus sólás don chroí'. Sa chnuasach is déanaí uaidh, *Iasachtaigh*, pléann **Simon Ó Faoláin** an deoraíocht agus an coimhthíos i ndánta a théann i ngleic le taithí na dteifeach in Éirinn. Tá cáil idirnáisiúnta ar an amhránaí **Caitríona O'Leary** agus í in ann amhráin mheánaoiseacha a chanadh go seoigh chomh maith le hamhráin ár linne. Tá breis is scór albam eisithe aici leis an mbanna **Dúlra**.

Is breá le IMRAM dul i bpáirt leis an siopa leabhar neamhspleách Books Upstairs le haghaidh sraith de thráthnónta taitneamhacha. Cloisfear an chuid is fearr de chruthaitheacht na Gaeilge le linn na seisiún Domhnaigh sin, prós, filíocht agus amhráin in atmais-féar cluthar cabaret sa spás caife in Books Upstairs, Sráid D'Olier i gcroílár na hardchathrach.

IMRAM is delighted to join forces with independent bookshop Books Upstairs. These special unplugged gigs will feature the best of Irish poetry, prose and song in the intimate cabaret atmosphere of the café space in Books Upstairs on D'Olier Street in the heart of Dublin.

**NA hIMEACHTAÍ GO LÉIR SA CHAIFE, BOOKS UPSTAIRS, 17 SRÁID D'OLIER, BÁC 1**


Tuilleadh eolais/more information:
R-phost/e-mail: liamog62@mac.com



Liam Carson, Stiúrthóir IMRAM, coimeádaí na sraithe.
Míle buíochas le Maurice agus Louisa Earls, Books Upstairs.

Dearadh le OLDTOWN


BooksUpstairs.ie | IMRAM.ie


arts council / literature
Foras na Gaeilge
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council
BOOKS UPSTAIRS
IMRAM


# FÍORBHRAON

Sraith de thráthnónta taitneamhacha filíochta agus amhránaíochta

## IMRAM'S PURE DROP

A series of intimate unplugged afternoons of poetry and song in Books Upstairs café

BOOKS UPSTAIRS

**ALL EVENTS IN THE CAFÉ, BOOKS UPSTAIRS**
Sundays, 18 September–9 October 2022

**DÉ DOMHNAIGH**
**18 Meán Fómhair–9 Deireadh Fómhair**

## DÉ DOMHNAIGH 18 MEÁN FÓMHAIR
Sunday 18 September | 2.00pm | Free admission



**POETRY WITH**

### CAITRÍONA NÍ CHLÉIRCHÍN



### SEOSAMH Ó MURCHÚ



### MÍCHEÁL Ó SIOCHRÚ



**SONGS AND MUSIC WITH**

### CEARA CONWAY



### SEÁN MacERLAINE

Cuimsíonn stór amhrán **Ceara Conway** traidisiúin éagsúla, sean-nós na Gaeilge, amhráin Arabacha, Phortaingéalacha agus Afracacha, chomh maith le Cantaireacht Sheoirsiach. Ina teannta beidh **Seán MacErlaine**, an ceoltóir iltréitheach a léirigh a halbam *Caoin*.

Fuair **Caitríona Ní Chléirchín** ardmholadh ó lucht Ghradam Mhíchíl Uí Airtnéide 2015 as a máistreacht ar an teanga agus í a bheith in ann sruthanna traidisiúnta a mheascadh le sruthanna comhaimseartha ina cuid dánta. Is úrscéalaí agus file é **Mícheál Ó Siochrú**. Sraith an-éifeachtach dánta é *Scáil an Scéil* aige atá faoi anáil *Leabhar Sheáin Uí Chonaill*. An tírdhreach, cúrsaí staire agus polaitíochta is minic idir chamáin ag **Seosamh Ó Murchú** ina chuid dánta agus é ag spraoi le foirmeacha difriúla, ón dán fada go dtí an haiku. Bhuaigh a chéad chnuasach *Taisí Tosta* Duais an Airtnéidigh.

## DÉ DOMHNAIGH 25 MEÁN FÓMHAIR
Sunday 25 September | 2.00pm | Free admission



**POETRY WITH**

### JULIE FIELD



### DUBHÁN Ó LONGÁIN



### ÁINE UÍ FHOGHLÚ



**SONGS WITH**

### LILLIS Ó LAOIRE

Is file sa dá theanga í **Julie Field** agus amhránaí is ea í chomh maith. Tá aithne mhaith uirthi mar reacaire filíochta faoin ainm Julie Goo. Ba í Seaimpín Slam na Mumhan í sa chomórtas beo 2012. Sa bhailiúchán uaithi *Dána*, iniúchann sí na dúile Talamh, Aer, Tine agus Uisce. Guth úrnua é **Dubhán Ó Longáin** agus in *IDEO Locator*, téann a chuid liricí gearra i ngleic le téamaí an chreidimh agus na gnéasachta le gliceas agus le cruinneas neamhchoitianta.

Fuair saothar **Áine Uí Fhoghlú** moladh ó Chaitríona Ní Chléirchín as an meon ceiliúrtha atá ann agus an teanga chomh beo ina cuid dánta le heascann lúbach. I measc na gcnuasach léi tá *An Liú sa Chuan* agus *Ar an Imeall*. Duine de mhóramhránaithe na tíre é **Lillis Ó Laoire** agus chomh maith le sean-nós agus béaloideas, scríobhann sé a lán faoi litríocht na Gaeilge.

## DÉ DOMHNAIGH 2 DEIREADH FÓMHAIR
Sunday 2 October | 2.00pm | Free admission



**POETRY AND PROSE WITH**

### CATHERINE FOLEY



### EOGHAN MAC GIOLLA BHRÍDE



### MÍCHEÁL Ó hUANACHÁIN



**SONGS WITH**

### MÁIRE NÍ CHOILM

Craoltóir agus scríbhneoir í **Catherine Foley** agus is minic le cloisteáil í ar an gclár raidió de chuid RTÉ, *Sunday Miscellany*. Caitheann sí súil siar ar na seanlaethanta sa bhailiúchán *Ag Marú Maicréal* agus aimsítear draíocht i ngnáthimeachtaí ann. Gearrscéalaí, drámadóir, aisteoir, scannánóir agus foilsitheoir é **Eoghan Mac Giolla Bhríde.** Tá lé aige leis an osréalachas agus síneann a chanbhás ó Ghaoth Dobhair go Guatamala. Ó na seascaidí i leith, tá **Mícheál Ó hUanacháin** i ngleic le foirmeacha éagsúla agus saothar ó theangacha difriúla mar chuid dá obair chruthaitheach. An leabhar is déanaí uaidh ná *Féach Gach Treo*, cnuasach gearrscéalta. Is iomaí duais atá buaite ag **Máire Ní Choilm** ag an Oireachtas agus ag an bhFéile Pan-Cheilteach. Amhránaí is ea í a mheallfadh an chéirseach ón gcraobh.